Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

## RÚISIS

## ARDLEIBHÉAL

# SCRÚDÚ SCRÍOFA

**220 MARC**

**Tarscaoileadh:** Ní ghearrfar pionós maidir le hearráidí i litriú agus i ngnéithe gramadaí áirithe orthu siúd ar ceadaíodh tarscaoileadh litrithe agus gramadaí dóibh. Beidh scéim mharcála mhodhnaithe i bhfeidhm nuair atá measúnú á dhéanamh ar obair na n-iarrthóirí sin.

**Saincheisteanna teanga**

**Caighdeán an Bhéarla:** Ní bheidh caighdeán an Bhéarla ina fhachtóir measúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.

**An teanga freagartha:** Má chuirtear freagra ar fáil sa teanga mhícheart:

| | |
|---|---|
| Nuair ba chóir gur Béarla a bheadh in úsáid: | ná bronn AON mharcanna (seachas i gcluastuiscint nuair nach bhfuil aon phionós i gceist nuair a thugtar freagra sa teanga mhícheart) |
| Nuair ba chóir gur Rúisis a bheadh in úsáid: | ná bronn AON mharcanna |

1. Níor chóir go mbeadh ar an scrúdaitheoir buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cad iad smaointe an iarrthóra. Níor chóir marcanna a bhronnadh nuair a bhíonn deacracht ag an scrúdaitheoir cinneadh a dhéanamh maidir le cad a chiallaíonn an Béarla.
2. Ná déan dearmad trácht a dhéanamh i do thuarascáil scrúdaitheora ar fhadhbanna maidir le caighdeán an Bhéarla ó thaobh a bheith ag cur bac ar thuiscint (más sin é an cás i líon mór de na scripteanna)

**Marcáil:**

- Ba chóir na scripteanna ar fad a mharcáil le peann dearg.
- Déan marc a leithdháileadh do gach ceist/cuid den cheist, fiú más marc de 0 atá i gceist. Scríobh na marcanna os cionn an ábhair. Cuir na marcanna do gach ceist/fo-cheist le chéile san imeall ar thaobh na láimhe deise agus <u>cuir líne fúthu</u>.
- Ceartaigh an t-ábhar go léir. Nuair atá níos mó ábhair curtha ar fáil ná mar a éilíodh, déan marc a leithdháileadh don ábhar sin agus scríobh an marc i lúibíní cearnacha: [marc]. Ná cuir na marcanna sin san áireamh agus tú ag suimiú na marcanna don cheist sin.
- Scríobh líon iomlán na marcanna a fhaightear ar leathanach a 1 ag íochtar an leathanaigh i (lúibíní cruinne). Ina dhiaidh sin, coinnigh iomlán reatha ag íochtar leathanaigh i lúibíní cruinne, m.sh. (27 + 12 = 39).
- Suimigh gach ceist (C.1., C.2., C.3.) de réir mar a théann tú ar aghaidh agus cuir na marcanna sin i gciorcal ag barr an leathanaigh san áit a dtosaíonn an Cheist.
- Aistrigh marcanna na gceisteanna chuig scarbhileog.
- Seiceáil an t-iomlán deiridh trí chomparáid a dhéanamh idir an t-iomlán deiridh ag íochtar an leathanaigh le hiomlán na marcanna do gach Ceist ag barr an leathanaigh.

3. Ná déan dearmad ar liosta de nithe ar fiú tuairim a thabhairt ina leith i do chuid tuarascálacha: má bhí codanna ann a bhí ar an iomlán lag/freagartha go maith, má bhíonn roinnt ceisteanna ann a bhí curtha go dona/curtha le chéile go dona.
4. Ábhar atá scriosta amach: má tá sé ceart/ábhartha déan marc a shannadh dó.

**Ag díchódú na scéime marcála:**

- Léiríonn stríoc [/] malairtí, déanfaidh ceachtar acu.
- Baintear úsáid as an gcomhartha [+] le coincheapa/smaointe laistigh de fhreagra a dheighilt, tá marc inghearrtha ar gach gné i sraith de + …. suas go dtí an t-uasmhéid atá léirithe don cheist
- Cuir eolas atá bailí ach nach bhfuil riachtanach le haghaidh marcanna i lúibíní cruinne ()

**ROINN 1 Léirthuiscint [120 marc]**

Freagair na ceisteanna 1,2, agus 3.

**C.1. Léirthuiscint (50 marc) [38 + 12]**

- ***Glac le freagraí ar cheisteanna a chuireann fianaise ar fáil ó ranna nach dtagraítear dóibh sa cheist.***
- ***San áit a mbaineann iarrthóir úsáid as an eolas céanna mar fhreagra ar dhá cheist nó níos mó, marcáil an dá fhreagra agus glac leis an gceann a thugann na marcanna is mó don iarrthóir. Cuir lúibíní cearnacha timpeall ar an bhfreagra eile lena léiriú gur ábhar dúbailte atá ann a bhfuil marcanna bronnta ina leith ceana.***
- ***Nuair a thugtar gné de fhreagra le tuiscint ach nach luaitear é, ná bronn marcanna ar an ngé sin.***
- ***Nuair a chuireann iarrthóir dhá smaoineamh/coincheap le chéile mar aon cheann amháin [deartháir + deirfiúr = siblíní], ar an tslí sin ag léiriú scileanna sintéisiú maithe, bronn marc do gach coincheap.***
- ***Bronn 2 mharc do gach sonra.***

**1. Tabhair trí shonra faoin áit a raibh an bhanlaoch ina cónaí. 3 x 2 = 6**

lena mamaí/máthair + sna bruachbhailte/in aice an bhaile/lasmuigh den bhaile/ ar imeall an bhaile + in aice/le hais/sna coillte/faoin tuath + scoite amach ó iompar poiblí/busbhealaí/stadanna bus/infrastruchtúr nach bhfuil forbartha go maith

**2.i.**

**Cé a bhuail leis an mbanlaoch agus í ag dul go dtí teach a máthar críonna? Tabhair sonra amháin. 1 x 2 = 2**

Giorria + asal + coileach/coileach (nó aon litriú mar sin) + béar (glac le haon litriú sochreidte) + ainmhithe (ag caint) + briogáid/patról/trúpaí foraoise

***sann marc amháin:*** buíon fhoraoise

***gan aon mharcanna:*** coinín + capall + sicín

**2.ii. Déan cur síos ar conas a chuaigh sé i gcion uirthi bualadh léi. Tabhair dhá shonra. 2 x 2 = 4**

bhí faitíos uirthi + baineadh suaitheadh aisti + thuig sí go raibh an méid a d'fhoghlaim sí (i gceachtanna bitheolaíochta/ar scoil) mícheart/neamhfhíreannach/NÓ go raibh cúis sochreidte leis an suaitheadh: níor thuig sí go raibh ainmnithe in ann labhairt + d'fhreagair sí agus chuir sí in aithne í féin + thosaigh sí comhrá.

**2.iii. Cén fhreagairt a rinne an banlaoch ar an rabhadh a fuair sí? Tabhair sonra amháin. 1 x 2 = 2**

dúirt sí nach raibh aon ghá a dhul isteach san fhoraois má tá faitíos ort (roimh mhac tíre) + chroith sí a guailne/rinne sí neamhaird (dá rabhadh) + níor theastaigh uaithi a bheith ina cladhaire/thug sí le fios nach raibh faitíos/scanradh uirthi + (thug sí le fios) nach leanbh/cailín beag/leanbh beag a bhí inti/go raibh sí ina cailín mór anois + bhí sí maslaigh + d'imigh sí/lean sí uirthi.

**3.i. Cén fáth a ndearna an banlaoch dearmad ar an gcomhairle mhaith nuair a bhuail sí leis an mac tíre? 1 x 2 = 2**

dúirt an mac tíre léi go raibh sí go hálainn + las sí le náire + mar gheall ar an moladh/plámás

**3.ii. Cad a bhí ar siúl ag an máthair chríonna nuair a tháinig an mac tíre? 1 x 2 = 2**

bhí sí ag téamh suas/ag déanamh/ag díshiocadh/ag cócaireacht pancóga/domplagáin ("Morozko") + bhí sí ag réiteach/ag déanamh tae

***sann marc amháin:*** bhí sí ag cócaireacht/ag ullmhú bia

***gan aon mharcanna:*** bhí sí tagtha abhaile (cheana féin) óna siopaí/ollmhargadh + bhí sí ag déanamh cácaí

**4. Tabhair trí shonra faoin rud a tharla tar éis don bhanlaoch teacht go dtí teach a máthar críonna.** **3 x 2 = 6**

bhí an doras oscailte/fuair sí an doras ar oscailt + chuaigh sí isteach + chuaigh sí chun na cistine + chonaic sí an mac tíre + cheap sí go raibh sí chun bás a fháil/d'ullmhaigh sí le haghaidh an bháis/bhí sí cinnte go n-íosfaí í + bhain an mac tíre geit aisti + thóg/sciob an mac tíre/an cáca (as a cuid lámha) + agus d'ith é + bhí an cáca thar an dáta faoinar cheart é a úsáid/as dáta + thit an mac tíre gan aithne gan urlabhra/ar an talamh/thit sé i laige/bhí nimh faighte aige/thit sé i gceann a chos + thug Caipín Dearg chuig an ionad garchabhrach/an t-aonad timpistí agus éigeandála/ionad leighis é + bhain siad amach an mháthair chríonna (in aon phíosa amháin) as bolg an mhac tíre + thug Caipín Dearg chuig an ospidéal é + aithníodh nimhiú bia (tromchúiseach) + (lá arna mhárach) cheannaigh Caipín Dearg cáca eile + rinne Caipín Dearg agus an mháthair chríonna ceiliúradh ar lá breithe na máthar críonna.

***sann marc amháin:*** thug sí ... chun an ospidéil; bhí an cáca as dáta; sciob an mac tíre an toirtín;

***ná sanntar aon mharcanna:*** bhí an mhamó/an mháthair chríonna ite ag an mac tíre cheana féin;

**5. Cad iad na sonraí sa scéal seo a chuirfeadh síscéal traidisiúnta i gcuimhne duit? Cad iad na sonraí nua-aimseartha atá curtha leis? Bronn dhá mharc ar gach sonra ceart.** **7 x 2 = 14**

**Ná gearr pionós ar iarrthóirí mar gheall ar ghlacadh leis go dtagraíonn an leagan 'síscéal traidisiúnta' sna ceisteanna don síscéal traidisiúnta "Cochaillín Dearg".**

**Síscéal traidisiúnta:** an teanga 'fadó, fadó' + móitíf bhunúsach ' cailín beag ainmnithe i ndiaidh ball éadaigh dearg'/cosúil le móitíf/'Cochaillín Dearg' an luach a bhí ar nithe dearga i seanchas na Rúise + snáth an scéil '(iarrann an mháthair) ar an gcailín cuairt a thabhairt ar an máthair chríonna/iarrann sí ar an gcailín bronntanais/bia a thabhairt chuig an máthair chríonna' (an gá le dul tríd) an fhoraois – an ghné mhorálta 'cailín umhal a bhí inti' + na hainmhithe ina gcuiditheoirí + na hainmhithe ag caint + bagairt/rabhadh maidir le dainséar + déanann an bhanlaoch dearmad/neamhaird den rabhadh + snáth bunúsach 'casann an cailín leis an mac tíre' + snáth bunúsach 'tugann an cailín seoladh na máthar críonna don mhac tíre' + snáth bunúsach' téann an mac tíre chuig an teach roimh an gcailín chun an mháthair chríonna a ithe' + snáth bunúsach 'gearrtar an mháthair chríonna amach as bolg an mhac tíre'/mhair siad ar fad go sona sásta ina dhiaidh sin/críoch shona + tréithe (morálta) traidisiúnta ainmhithe (m.sh. an mac tíre go holc; an giorria go maith) + gnáthleagan i seanchas/béalaithris (m.sh. athrá mar шла она, шла + вдруг увидела)

**sann marc amháin:** san áit ina dtagraítear do theanga an tseanchais/béalaithris traidisiúnta ach nach bhfuil aon sampla/léiriú curtha ar fáil

**Sonra nua-aimseartha:** Caipín Dearg in ionad Cochaillín Dearg + teanga 'prikol'naya'/'faiseanta'/suaitheadh + teach sa bhruachbhaile + saol na cathrach + cáca a ceannaíodh sa siopa + '*marshrutka'* agus bus + briogáid na foraoise + freagraíonn an cailín go saorga do ghnás ainmhithe a bhíonn ag caint + trína thabhairt ar aird gur múineadh an rud mícheart dí sa rang bitheolaíochta + ospidéal + ionad garchabhrach + ainmbhranda/pancóga "Morozko" réamhdhéanta – tae + tá coincheap an cháca as dáta – diagnoísiú + nimhiú bia (géar)

**Ba chóir go mbeadh seacht sonra ann ina n-iomláine, dhá shonra ar a laghad ó gach catagóir.**

**Léirthuiscint Teanga** **6 x 2 = 12**

Bronn lánmharcanna anseo má sholáthraíonn an t-iarrthóir an focal cuí ón téacs agus má chuirtear san fhoirm atá ag teastáil é. Bronn lánmharcanna má aistrítear na focail chearta agus má chuirtear ar fáil i mBéarla iad NÓ má roghnaítear na focail chuí ón téacs agus má chuirtear ar fáil iad san fhoirm bhunúsach/foclóir (seachas an fhoirm atá curtha ar fáil sa tasc).

1. Roinn 1

Tabhair sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal uirliseach:

Tabhair sampla d'ainmfhocal baininscneach sa tuiseal tabharthach:

2. Roinn 2

Tabhair sampla de bhriathar aisfhillteach:

Tabhair sampla d'ainmfhocal sa tuiseal tabharthach iolra: ***Bronn 2 mharc orthu ar fad (níl aon ainmfhocal sa tuiseal tabharthach)***

3. Roinn 3

Tabhair sampla d'ainmfhocal firinscneach sa tuiseal ginideach:

4. Roinn 4

Tabhair sampla d'aidiacht bhaininscneach sa tuiseal cuspóireach:

**C. 2 Achoimriú (40 marc)**

C.2.1. Léigh an blag seo a leanas. Scríobh achoimre i mBéarla ar ábhar gach aon Roinn mar a threoraítear. Bronntar marcanna ar ábharthacht na bhfreagraí agus ar scileanna achoimrithe. ***5 x 8 = 40***

***Bronn 2 mharc do gach aon cheann de na 3 sonra (suas go 6 marc) AGUS 2 mharc lánroghnach le bronnadh ar iarrthóirí***

- ***A léiríonn/a fhorbraíonn a chuid smaointe go soiléir***
- ***A chuireann fianaise ar chumas sintéisithe ar fáil.***
- ***A chuireann sonraí breise ar fáil.***
- ***A léiríonn an cumas leis na príomhphointí a idirdhealú ó shonraí tánaisteacha.***

***Coinnítear siar marcanna lánroghnacha nuair a léiríonn iarrthóirí tuiscint dhomhanda ach go ndéanann siad earráidí i/nuair a fhágann siad amach an sonra nó nuair atá eolas ábhartha ina gcuid freagraí ach nach bhfuil comhleanúnachas iontu.***

***Níl aon mharcanna do shonraí nach bhfuil san áireamh sa téacs an fhoinse. Níl aon marcanna do shonraí atá ar fáil sa cheist.***

***Is féidir marcanna aonair a bhronnadh ar pháirt-shonraí (m.sh.]) ina leithéid de chásanna amháin ina mbíonn an sonra intuigthe do chainteoir aonteangach Béarla.***

***Féadfar marcanna lánroghnacha a bhronnadh nuair a sholáthraíonn iarrthóirí fianaise go dtuigeann siad roinnt mhaith den sonra ach nach bhfuil ar a gcumas cad a thuigeann siad a léiriú i mBéarla atá intuigthe.(nuair a áiríonn siad, mar shampla, focail Rúisis ina gcuid freagraí.***

***Mura n-éiríonn le hiarrthóirí gach cuid/fo-chuid de cheist a fhreagairt, ná bronn níos mó ná 1 marc lánroghnach)***

**1. Cén fáth ar thug an t-údar cuairt ar Ionad na nDeilfeanna agus cad ba chúis leis an mearbhall ag tús an tseisiúin? Tabhair trí shonra. (3 x 2)+2=8**

C1: ba bhrionglóid (óige) a bhí inti + dul ag snámh leis na deilfeanna (agus fiú le míol mór) + tharla sé (in) (ionad Deilfeanna) Mhoscó + ba bhronntanas lá breithe a bhí ann + chuaigh sí lena fear céile +

**C2:** sonraíodh ar na ticéid go bhféadfadh na cuairteoirí rogha a dhéanamh maidir le cén linn a d'úsáidís/chuir na ticéid eolas mícheart/míthreorach ar fáil + níor chuir aon duine ceist uirthi/orthu/na cuairteoirí maidir lena rogha + nuair a d'iarr cailín (conas agus cathain a roghnófaí an deilf a rabhthas ag dul ag snámh leis) ní raibh aon eolas ag an fhoireann/comhghleacaí/oiliúnaí/fostaí faoi agus dúirt sé/sí nár chuala siad riamh faoina leithéid de rud

*Ní mór d'iarrthóirí an DÁ cheist a fhreagairt*

**2. Tabhair trí shonra faoinar tharla díreach roimh an snámh leis na deilfeanna agus leis an míol mór bán (3 x 2)+2=8**

an eachtra sa halla + is féidir le gach rannpháirtí duine éigin a thabhairt leo chun scannánaíocht a dhéanamh nó pictiúir a thógáil + bhí tréimhse (gearr) teagaisc ann + chuireamar orainn ár gcultacha snámha + chuaigh (mé/sí/muid/siad) go dtí an linn (cheart) + is dócha go raibh an t-ádh (orm/uirthi/orainn/orthu) + thuig mé beagán níos déanaí + nuair tháinig (mé/sí/muid/siad) le cuairt a thabhairt ar an dá dheilf (Belka agus Rameses) + agus ar (Kasper) an míol mór + bhí sí trína chéile + ní raibh sé ar intinn aici a dhul ag snámh le míol mór + mar go bhfuil Kasper an-mhór/féachann sé scanrúil + d'iarr an t-oiliúnaí orthu a dhul isteach san uisce + bhí blas an t-salainn ar an uisce + ní raibh an t-uisce chomh fuar sin + ní raibh cultacha uisce á gcaitheamh acu

**3. Tabhair trí shonra faoi conas a caitheadh an chéad leath den seisiún. (3 x 2)+2=8**

chuir siad aithne ar/chas siad leis na deilfeanna + thug na deilfeanna marcaíocht dóibh + shnámhamar go dtí an taobh eile + bhí na deilfeanna umhal do threoir + tháinig na deilfeanna

chugainn + roghnaigh na deilfeanna an duine ar mhaith leosan marcaíocht a thabhairt dóibh + bhí orthu greim a fháil ar/a choinneáil ar a ndeilf/ar an deilf/taobh thiar d'eite an droma/ar a dhroim le lámh amháin + agus barróg a thabhairt dó leis an lámh eile + agus dá mba rud é gurb é an míol mór a bheadh ann beidh orthu greim a fháil ar na heití ar a thaobh + ansin chuaigh siad timpeall arís + an uair seo ar dhá dheilf ag an am céanna + timpeall ar imeall na linne + i ngreim sna heití arís + bhí na deilfeanna ag spraoi mar a (bheadh leanaí ann)

***Ná sanntar aon mharc do:*** Eireaball na deilfe

**4. Tabhair trí shonra faoin dara leath den seisiún leis na deilfeanna agus leis an míol mór bán.(3 x 2)+2=8**

tar éis cúpla marcaíocht + thosaíomar ag tógáil na liathróide óna deilfeanna (ar ndóigh) ní féidir é sin a dhéanamh ach amháin má theastaíonn ón deilf é a dhéanamh + ba é Kasper ba chairdiúla + ba é Kasper ba spraíúla + thaitin an cluiche liathróide le Kasper go háirithe + (dá dteastódh ó Kasper) chuirfeadh sé an liathróid caol díreach i lámha dhuine éigin + (ar ndóigh) níor tugadh 40 nóiméad faoi deara ag imeacht/d'imigh an t-am go tapa + bhí sé deacair slán a fhágáil (ag na deilfeanna)

**5. Tabhair trí shonra faoi conas is eol dúinn gur bhain an t-údar taitneamh as. (3 x 2)+2=8**

+(ar ndóigh) níor tugadh 40 nóiméad faoi deara ag imeacht/d'imigh an t-am go tapa + bhí sé deacair slán a fhágáil (ag na deilfeanna) - **ó roinn 4**

ní raibh sí in ann a cuid mothúcháin a chur i bhfocail/ní raibh aon fhocail aici + (mar a bhí ráite ag a fear céile) ní mór go dtiocfadh brionglóidí fíor + níl sí in ann a chreidiúint fós gur tharla sé/tháinig a brionglóid fíor + ba í sin an bhrionglóid a theastaigh uaithi/mian a croí í + féachann sí ar an taifeadadh amanna + tá a cuid mothúchán an-láidir/scanraíonn sí + déanann sí cur síos ar na deilfeanna mar chréatúir atá neamhghnách/an-mhuirneach/an-ghrámhar

**sann 1 marc:** tá sí/bhí dochreidte

**Léirthuiscint Teanga**

**1. Infinideach briathair**

***Tabhair marc amháin do gach aon fhreagra ceart.*** ***5 x 1 = 5***

| | |
|---|---|
| имеют | иметь |
| выбрались | выбраться |
| поняла | понять |
| создалось | создаться |
| стали | стать |

**2. Aimsigh cúig fhocal a bhaineann le téama an tsnámha. Tabhair na focail i Rúisis.**

***Tá fadhb le foclaíocht na ceiste sin: níl aon léiriú tugtha maidir le cad ba chóir do na mic léinn a bheith á lorg/aimsigh cúig fhocal a bhaineann le téama an tsnámha. Bronn 1 marc d'fhocail a bhaineann le snámh (ach ná tagraítear do sheoltóireacht/bádóireacht).***

***Tabhair marc amháin do gach aon fhreagra ceart.*** ***5 x 1 = 5***

| | |
|---|---|
| бассейн вода | плавник(и) |
| гидрокостюм(ы) | плывун |
| дельфин(ы) | подплывать |
| дельфинария | |
| катание | |
| кататься | |
| костюм | |
| отплывать | |
| плавание | |
| плавать | |

**C.3 Struchtúrú dioscúrsa leanúnach**

**2 marc do gach aon fhreagra ceart** **10 x 2 = 20**

| | |
|---|---|
| 7 | В детском лагере «Отдых + English» работают учителя языковой школы ВКС-International House. Они приезжают со всего мира и у каждого из них есть тот или иной международный сертификат, позволяющий преподавать детям английский как иностранный. |
| 8 | Возможны небольшие домашние задания, например, загадки, кроссворды и т.п. Кроме того, большая часть неформального общения вне классов тоже идет на английском, ведь наши преподаватели не говорят по-русски! |
| 3 | Для детей, приезжающих к нам на каникулы, необходима санаторно — курортная карта (указываются прививки и перенесенные заболевания, всё заверяется врачом), копия медицинского полиса и справка о контактах (справка об эпидокружении). |
| 5 | Конечно, это необходимо для того, чтобы мы могли подобрать ребенку учебную группу его уровня и занятия были бы более эффективными, обучение — более комфортным. |
| 1 | Кроме изучения английского языка с профессиональными преподавателями дети могут кататься на лошадях, пользоваться теннисным кортом, сплавляться на байдарках и постоянно общаться на английском - какой пионерский лагерь мог бы предоставить такие возможности? |
| 4 | Лучше всего внести полную сумму в рублях не позднее, чем за две недели до заезда. По вопросам безналичной оплаты обращайтесь к менеджерам программы. |
| 2 | Осенью 2009 года пройдет 31 выездная программа детского языкового лагеря в Подмосковье. Около 45% наших школьников приезжают к нам несколько раз в год. |
| 10 | Осенью смена длится одну неделю, поэтому родительского дня нет. Но, конечно, это не значит, что вы не можете приехать к ребенку в какой-то другой день. Более того, при желании вы можете забронировать номер в доме отдыха ВКС-КАНТРИ и отлично отдохнуть, находясь при этом недалеко от своего ребенка. |
| 9 | Основных критериев для формирования учебных групп два: это уровень владения языком и возраст ребенка. |
| 6 | С детьми постоянно находятся вожатые или учитель. Дети не будут предоставлены сами себе: им предложат интересную и насыщенную развлекательную программу. В нее входят концерты, конкурсы, экскурсии, дискотеки, КВН и многое другое. |

**Roinn 11 Gramadach, Úsáid Teanga agus Scríbhneoireacht faoi Stiúir [100 marc]**

**C.1 Léigh tríd an téacs seo a leanas. Scríobh na focail atá idir lúibíní san fhoirm cheart. (30 marc)**

| |
|---|
| **DHÁ marc do gach foirm atá ceart 15 x 2 = 30**<br><br>***Sa cheacht seo tá freagraí ceart nó mícheart:***<br>• **Ná bronn marcanna má tá an focal litrithe/athscríofa mícheart.**<br>• **Ná bronn marcanna má tá úsáid mhíchuí bainte as Cás Uachtair nó as Cás Íochtair. Má táthar faoi amhras déan comparáid leis na túslitreacha языку agus январе.** |

**Как поступить в британский вуз, рассказывает Ксения ДИДЕНКО, специалист по развитию связей Великобритания - Россия в области образования из Британского совета:**

- *Есть ли в вузах Британии вступительные экзамены?*

- Нет. Все решается на основе документов, которые вы присылаете в вуз. В каждом университете или колледже свои критерии, поэтому лучше связываться с выбранным учебным заведением напрямую и уточнять, какие бумаги нужны.

- *Насколько хорошо надо знать английский?*

- Для поступления необходимо сдать один из международных экзаменов по английскому языку : IELTS (результат не ниже 5.5 - 6.5) или TOEFL (550 - 600 баллов).

- *Можно ли поступать, окончив в России полную среднюю школу?*

- Сразу после школы не получится, так как системы образования наших стран различаются. Придется сначала окончить подготовительные курсы. Они могут называться Foundation, Access или Bridging и длятся обычно один учебный год (30 - 34 недели). Есть также ускоренные шестимесячные курсы, которые начинаются в январе [***NB gan aon cheannlitir !].*** В Шотландии, кроме этого, существует специальная программа базовой подготовки (International Foundation Programme Scotland, IFPS), обучение может длиться 9, 12 или 15 месяцев.

- *Реально ли получить грант или стипендию на учебу?*

- Конечно. Есть несколько возможностей:

- гранты на обучение от университета/университетов;

- особо талантливым молодым людям гранты могут давать Министерство образования Великобритании (www.universitiesuk.ac.uk/ors) и Минобрнауки России;

- гранты коммерческих и общественных организаций .

- *Если ребенок учится в Великобритании, могут ли родители приехать к нему в гости? Как получить им визу?*

- Безусловно! С требованиями подачи документов на визу можно ознакомиться на сайте Британского визового центра

C.2. Léirthuiscint Cultúir

Scríobh aiste ghearr (**50 focal**) **i Rúisis** ar **cheann amháin** de na topaicí seo a leanas. Tabhair **chúig** shonra fíorasacha. Bronntar marcanna ar ábhar ábhartha, úsáid na teanga agus struchtúr (eagrú smaointe).

Scríobh síos teideal na haiste lena chur in iúl cén aiste atá roghnaithe agat. (30 marc)

i. Как русские школьники проводят летние каникулы
ii. Русская народная культура
iii. Пионерская организация
iv. Иностранные языки в Российской Федерации
v. Вузы в Российской Федерации
vi. Спорт в Российской Федерации
vii. Отдых в Российской Федерации
viii. Русский язык в Ирландии

| | |
|---|---|
| ***1. ábhar*** | ***10*** |
| ***2. Teanga/úsáid na teanga*** | ***20*** |

***Marcáil ábhar agus teanga/úsáid teanga ar leithligh***

***1. Cumarsáid/ábhar (C)***

***Bronn marcanna le haghaidh ábhar ar dtús (ex 10). Ní bhronntar aon mharcanna d'eolas/ábhar neamhábhartha: bain úsáid as lúibíní cearnacha le hábhar neamhábhartha a chur as an mbealach [...]; fág as an áireamh nuair atáthar ag déanamh cinneadh faoin marc le haghaidh úsáid teanga. Ní bhronnfar aon mharcanna le haghaidh teanga do fhreagraí atá neamhábhartha go hiomlán nó ina bhfuil ábhar nach féidir marcanna a bhronnadh ina leith.***

***Bronn uasmhéid de dhá mharc le haghaidh ábhar do ráiteas tosaigh/comhthéacsúil nó do thuairim (nach sonra fíorasach é).***

***Bronn dhá mharc do gach sonra ábhar ábhartha (suas go huasmhéid de 10 marc). Éilítear ar iarrthóirí an cheist atá á freagairt acu a léiriú. Bain amach marc pionóis AMHÁIN ón scór ábhar foriomlán mura léiríonn an t-iarrthóir cén cheist atá á freagairt acu.***

***2. Úsáid teanga (U.T): Tóg dearcadh domhanda i leith úsáid teanga (U.T. = Úsáid Teanga) le hobair an iarrthóra a chur sa chatagóir is oiriúnaí.***

- ***Marcáil úsáid teanga as 14 agus scríobh 'É íochtarach' chun é sin a léiriú más 5 nó níos lú marc an ábhair [seachas nuair a bhaintear marc pionóis amach a íslíonn na marcanna ábhar go 5], nó nuair atá an cheist ró-ghearr (níos lú ná 25 focal).***
- ***Má tá úsáid teanga thar a bheith líofa, le leibhéal ard éagsúlacht foclóireachta, comhréireachta agus leagan cainte dúchasach ach go bhfuil fadhb thromchúiseach le cruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha na bhfocal + deilbhíocht infhillteach); earráid i gach 2ú nó 3ú focal, marcáil úsáid teanga idir 9 agus 14 (9+10; 11+12; 13+14) agus scríobh 'A íochtarach' chun é sin a léiriú.***

***Cuir bosca cearnach timpeall ar earráidí athdhéanta, ná gearr pionós an dara huair.***

***Bain úsáid as líne thonnach do bhotúin litrithe agus d'earráidí foclóra.***

***Cuir líne faoi bhotúin thromchúiseacha.***

***Gearr pionós ar mhic léinn a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrigh nó as infinideach (– 1 NÓ – 2).***

| Marc | Ábhar (2 marc do gach sonra ábhartha) | Marc | Teanga: léacsas, cruinneas, líofacht |
|---|---|---|---|
| 9-10 | Sár-fhreagra. Thar a bheith soiléir agus eagrú smaointe éifeachtach. | 18-20<br>A íochtarach<br>13-14<br>E íochtarach<br>12-14 | Teanga atá saibhir agus casta, ina bhfuil réimse leathan léacsas cuí. An toin agus an tsainréim teanga oiriúnach go hiomlán don tasc roghnaithe Beagnach gan locht i dtéarmaí cruinnis. Líofacht, ag léiriú leibhéal ard sofaisticiúlachta in ionramháil struchtúir na teanga. |
| 7-8 | Freagra an-mhaith; smaointeoireacht shoiléir. An freagra eagraithe agus forbartha go maith. | 14-17<br>A íochtarach<br>11-12<br>E íochtarach<br>10-11 | Úsáid bainte as réimse maith léacsas cuí, gan ach amháin mionearráidí léacsais. An toin agus an tsainréim teanga oiriúnach de ghnáth don tasc. Beagán earráidí, mionearráidí an chuid is mó acu. Ionramháil rathúil teanga. Úsáid eachtrúil bainte as struchtúir chasta, le lúb ar lár ar ócáidí. |
| 5-6 | Freagra maith. Eagrú agus forbairt lochtach in áiteanna | 10-13<br>A íochtarach<br>9-10<br>E íochtarach<br>7-9 | Úsáid bainte as réimse léacsas leordhóthaineach ach intuartha. Líon mór earráidí léacsais.<br>Líon earráidí ollmhóra gramadaí déanta, ach gan lagú rómhór á dhéanamh ar chumarsáid. Ionramháil sásúil go hionramháil mhaith ar an teanga. Níor éirigh le hiarrachtaí le struchtúir chasta a láimsheáil i gcónaí. |
| 3-4 | Rinneadh líon pointí ábhartha. Lochtanna go minic in eagrú agus i bhforbairt. | 6-9<br>E íochtarach<br>4-6 | Roinnt eolais bhunúsach ar léacsas ach ar bheagán éagsúlachta. Léacsas neamhchuí go minic le béarlachas agus na focail mhíchearta go minic<br>An chumarsáid lagaithe ag earráidí bunúsacha go minic m.sh. comhaontuithe, foirmeacha briathair. Cumas teoranta le hionramháil a dhéanamh ar an teanga; teanga 'aistrithe' go simplí go príomha, a chuireann bac ar chumarsáid. |
| 1-2 | Freagra neamhábhartha agus as eagar tríd is tríd. | 1-5<br>E íochtarach<br>1-3 | Eolas agus réimse léacsas an-teoranta. An-bhunúsach, neamhchuí nó na focail mhíchearta. Béarlachas cuid mhaith. Cruinneas sna foirmeacha is simplí amháin. Minicíocht ard earráide bunúsaí. Ar bheagán cumais le hionramháil a dhéanamh ar an teanga. |
| 0 | Ábhar nach bhfuil aon mharcanna le bronnadh ina | 0 | Eolas agus réimse chomh teoranta nach féidir aon mharcanna a bhronnadh ina leith. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | leith*. | | |

***Cuir marcanna le haghaidh cumarsáide/ábhar (C) agus úsáid teanga (UT/E íochtarach) le chéile le marcanna iomlána na ceiste a thabhairt.***

| |
|---|
| C = …<br>E/ E íochtarach = …<br>Iomlán =... |

**C.3.** Scríbhneoireacht faoi stiúir. (40 marc)

Scríobh píosa de phrós leanúnach i Rúisis (**140 focal**) mar fhreagra ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas. Déan deimhin de na pointí **GO LÉIR** atá liostaithe a chuimsiú i do fhreagra.

| | |
|---|---|
| ***Cumarsáid + ábhar*** | ***15*** |
| ***Teanga/úsáid na teanga*** | ***15*** |
| ***Comhleanúnachas téacsúil*** | ***10*** |

***Má fhreagraíonn iarrthóir DHÁ cheist nó NÍOS MÓ, marcáil GACH ceann agus glac leis an marc is fearr. Sa chás go bhfaigheann an t-iarrthóir lánmharcanna ar an gcéad/dara ceist ní éilítear ar an scrúdaitheoir an cheist/na ceisteanna ina dhiaidh sin a mharcáil.***

***1. Cumarsáid/ábhar (C)***

***Bronn marcanna le haghaidh ábhar ar dtús (ex 15). Bain úsáid as na litreacha (A - F) nuair atá pointí ábhair aonair á dtaispeáint agus, nuair is infheidhme, uimhreacha forscripte do phointí i ndiaidh a chéile laistigh den réimse ábhair ($A^1$, $A^2$, $A^3$); léirigh pointí ábhar iomlán ag deireadh an cheachta (C = …). Ní bhronntar aon mharcanna d'eolas/ábhar neamhábhartha: bain úsáid as lúibíní cearnacha le hábhar neamhábhartha a chur as an mbealach [...]; fág as an áireamh nuair atáthar ag déanamh cinneadh faoin marc le haghaidh úsáid teanga.***

***Bronn 1 marc do gach sonra ábhair/leagan/coincheap/smaoineamh. Cinntigh go bhfuil ar a laghad sonra AMHÁIN á chur ar fáil ó gach ceann de na catagóirí A – D, A – E nó A - F.***

1. LITIR

Scríobh litir chun ionad a chur in áirithe i scoil samhraidh. Tabhair na sonraí seo a leanas i do litir:

A tús/críoch na litreach

B sonraí pearsanta

C cén fáth go a bhfuil an scoil samhraidh sin roghnaithe agat

D conas a chuala tú faoin scoil

E na dátaí a d'oirfeadh duit

(F eolas ábhartha breise)

2. SCÉAL A INSINT

i. Scríobh cuntas ar bhrionglóid a fíoraíodh.

A cén bhrionglóid a bhí agat?

B cá fhad a bhí tú ag dréim leis go bhfíorófaí í?

C cathain a fíoraíodh í?

(D eolas ábhartha breise)

ii. Scríobh do leagan féin de shíscéal cáiliúil.

A tús

B forbairt
(C eolas ábhartha breise)
D clabhsúr

iii. Scríobh faoi eachtra ó d'óige nuair a thug tú cuairt ar ghaol leat. San áireamh ann bíodh:

A conas a chuaigh tú ann
B cé a bhí in éineacht leat
C roinnt rudaí a rinne tú (tabhair 3 shonra)
D conas a mhothaigh tú nuair a tháinig tú abhaile
(E eolas ábhartha breise)

3. PLÉ

i. An leor an Béarla?

ii. An ceart ainmhithe a choinneáil i mbraighdeanas ar mhaithe le pléisiúr a thabhairt dúinne?

iii. Tá laethanta saoire na scoile rófhada!

A an fáth go bhfuil an tairiscint/an cheist dlisteanach
B An/fáth go n-aontaíonn tú; nach n-aontaíonn tú
C fianaise/argóint chun tacú le dearcadh
D conclúid

***2. Úsáid teanga (E): Tóg dearcadh domhanda i leith úsáid teanga (U.T. = Úsáid Teanga) le hobair an iarrthóra a chur sa chatagóir is oiriúnaí.***

***Marcáil úsáid teanga as 10 agus scríobh 'É íochtarach' chun é sin a léiriú má tá an marc ar ábhar 7 nó níos lú, nó má tá an cheist ró-ghearr (níos lú ná 60 focal).***

***Má tá úsáid teanga thar a bheith líofa, le leibhéal ard éagsúlacht foclóireachta, comhréireachta agus an leagan cainte dúchasach ach go bhfuil fadhb thromchúiseach le cruinneas bunúsach (litriú, teorainneacha na bhfocal + deilbhíocht infhillteach); earráid i gach 2ú nó 3ú focal, marcáil úsáid teanga idir 7 agus 12 (9+10; 11+12; 13+14) agus scríobh 'A íochtarach' chun é sin a léiriú.***

***Cuir bosca cearnach timpeall ar earráidí athdhéanta, ná gearr pionós an dara huair.***

***Bain úsáid as líne thonnach do bhotúin litrithe agus d'earráidí foclóra. Cuir líne faoi bhotúin thromchúiseacha.***

***Gearr pionós ar mhic léinn a bhaineann úsáid randamach/nach mbaineann úsáid as comharthaí boga i bhfoirmeacha na haimsire láithrigh nó as infinideach ( – 2).***

| E íochtarach Ex 10 | E Ex 15 | **Léiriú Teanga** |
|---|---|---|
| **7-10** | **11-15** | Úsáid **foclóra** go maith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach. Botúin **litrithe** annamh, an g**hramadach** ceart go ginearálta: Leibhéal maith cruinnis i gcríoch na mbriathar, comhaontuithe; úsáid cheart aimsire... |
| **4-6** | **6-10** | Tá úsáid **foclóra** sách maith - go ginearálta leordhóthanach agus oiriúnach le b'fhéidir roinnt Rúisis dhúchasach. Gan mórán earráidí **litrithe.** Beagán earráidí **gramadaí** tromchúiseacha/minic, beag: Foirmeacha briathar, aimsir, comhaontuithe, críoch, ceart an chuid is mó den am, go háirithe sa réimse uachtarach den chatagóir. |
| **0 – 3** | 0 – 5 | **Foclóir** thar a bheith neamh-leordhóthaineach, b'fhéidir le focail Bhéarla agus le cur isteach ó chomhréir Bhéarla. Roinnt mhaith botúin **litrithe**, earráidí **gramadaí** tromchúiseacha: Foirmeacha na mbriathar mícheart go ginearálta, an aimsir neamhréireach, míchuí; ar bheagán comhaontuithe cearta. |

| A íochtarach | **Léiriú Teanga** |
|---|---|
| **11-12** | Úsáid **foclóra** go maith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach.<br>Gan aon fhadhb le húsáid **aimsire, gné** agus **tuiseal.** Gan aon deacracht le **struchtúir comhréireach casta**. **Ton** agus sainréim teanga chuí.<br>Botúin **litrithe** coitianta, fadhbanna le teorainneacha na bhfocal |
| **9 -11** | Tá úsáid **foclóra** sách maith - go ginearálta leordhóthanach agus oiriúnach le b'fhéidir roinnt Rúisis dhúchasach. Beagán struchtúir chomhréireacha casta. Ton agus sainréim teanga **mhíchuí**. Úsáid gné agus aimsir ceart go leor. |
| **7 -8** | Úsáid **foclóra** maith go leor agus de réir dúchais teanga, cé go bhfuil roinnt trasnaíocht ón mBéarla. Trasnaíocht ó struchtúir chomhréireacha teanga Béarla. Fadhbanna le haimsir, gné agus tuiseal |

**3. Comhleanúnachas téacsúil:** Tóg dearcadh domhanda i leith comhleanúnachas/comhtháthú téacsúil **(CT)** le hobair an iarrthóra a chur sa chatagóir is oiriúnaí.

| Marc | Comhleanúnachas téacsúil |
|---|---|
| 9-10 | Sar-eagrú. Leibhéal ard comhleanúnachais ar fud an pháipéir. |
| 7-8 | Forbairt déanta go ginearálta ar ábhar laistigh de chreat oibre atá pleanáilte go cúramach. Curtha i dtoll a chéile go maith, go ginearálta, ach easpa comhleanúnachais in áiteanna. |
| 5-6 | Eagrú sásúil déanta ar ábhar. Forbairt déanta ar smaointe i bpaistí agus/nó go neamhuaillmhianach. Ar seachrán agus/nó athráiteach in amanna. |
| 3-4 | Cumas teoranta le hábhar a eagrú agus le smaointe a fhorbairt. Easpa comhleanúnachais sa struchtúr. |
| 1-2 | Cumas an-teoranta le hábhar a eagrú agus le smaointe a fhorbairt. Beagnach easpa comhleanúnachais iomlán sa struchtúr. |
| 0 | Eagraithe chomh dona sin agus an oiread sin easpa comhleanúnachais ann nach féidir aon chreidiúint a thabhairt. |

Cuir marcanna le  haghaidh cumarsáide/ábhar (C) agus úsáid teanga (UT/E íochtarach) agus comhleanúnachas téacsúil (CT) le chéile le marcanna iomlána na ceiste a thabhairt.

| |
|---|
| C = …<br>É = ...<br>TC = ... |

Iomlán

**CLUASTHUISCINT (80 marc)**

Ginearálta:

- Níl aon phionós ann d'ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
- Glac le haon fhoirmliú a chuireann trasna an t-eolas atá á lorg.
- Glac le freagraí ar cheisteanna atá scríofa san áit mhícheart.
- Ní bheidh caighdeán an Bhéarla ina fhachtóir measúnaithe ach amháin sa mhéid agus go gcuirfeadh sé bac ar chumarsáid.
- Ná bronn marcanna ar eolas atá ar fáil laistigh den cheist.
- Glac le freagraí atá scríofa i Rúisis.
- Níor chóir go mbeadh ar an scrúdaitheoir buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cad iad smaointe an iarrthóra (m.sh) 'ciorcal comhaontaithe' do 'iomaíocht/comórtas sorcais'. Ná bronn aon mharcanna nuair a bhíonn deacracht ag cainteoir Béarla nach dtuigeann Rúisis cinneadh a dhéanamh maidir le cad a chiallaíonn an Béarla.

***Bronn dhá mharc do gach pointe ceart/ábhartha.***

**ROINN 1**

**1.ii. Cé a thabharfaidh cuairt ar Yaroslavl le linn bhliain na hiubhaile? Tabhair dhá shonra.**

Uachtarán Chónaidhm na Rúise/ na Rúise + comhaltaí rialtais (Chónaidhm na Rúise/na Rúise)/polaiteoirí Rúiseacha/ceannairí polaitiúla + ceannairí stáit coigríche – ceannairí/ceannródaithe na réigiún Rúiseacha + cuideachtaí ceannródaíocha náisiúnta agus idirnáisiúnta + 1.5 milliún turasóir **(glac le os cionn 1 milliún turasóir)**

***Bronn marc amháin:*** go leor turasóirí

**2. Tabhair dhá shonra faoin imeacht atá le bheith ar siúl i Moscó ó 3-6 Meán Fómhair.**

Féile/comórtas/iomaíocht + (ealaíontóirí) (óga) sorcais + Gairdín/daite (nó aon aistriú mar sin de Tsvetnoy)/ búlbhard Tsvetnoy + idirnáisiúnta/ó thart timpeall an domhain/ó CHEACHTAR DEN DÁ CHEANN SEO: Ceanada/an Úcráin/Stáit Aontaithe Mheiriceá/an Ungáir/ an Fhrainc/an Bhealarúis/an Rúis + c.100 rannpháirtí

**3. Luaigh dhá shonra faoin tolg atá déanta le fíordhéanaí ag na hIoruaigh.**

Is faide/is mó ar domhan + 800m (ar fhaid) + is féidir le 1.5 míle dhuine suí ar/tá sé in ann 1.5 míle duine a thógáil + glan ó thaobh na héiceolaíochta de + déanta as ábhair bith-dhíghrádaithe/ní bheidh truailliú ag baint leis

***bronn marc amháin:*** is féidir le /go leor/ 500/1000 duine suí ar ag an am céanna + 8?? M ar fhaid

**4. Cad a dhéanfaidh buaiteoir an chrannchuir leis an méid a bhuaigh sé? Tabhair dhá shonra.**

Ceannóidh sé árasán (dá theaghlach i gCathair Pheadair) + ceannóidh sé áit éigin dá dheirfiúr le cónaí (san Airméin) + ceannóidh sé carr dá thuismitheoirí + osclóidh sé sreang siopaí i gCathair Pheadair)

***Bronn marc amháin:*** siopa a oscailt

## ROINN II

**Beathaisnéis** **20 marc**

**1. Tabhair trí shonra faoi óige agus oideachas Maruf.**

Rugadh é i 1982 + teaghlach/tuismitheoirí lucht oibre + ó réigiún féinrialaitheach Pamir/Gorno-Badakhshanskiy/an Táidsíceastáin + chaith sé a óige ansin – d'aistrigh sé go baile/Nurek + áit ar chríochnaigh sé scoil + in 2000 + ghlac sé páirt/chan sé i gcór + ensemble tíre + chuaigh sé chuig Institiúid Ealaíne Dushanbe + rinne sé staidéar ar cheol (agus ar chanadh) + thosaigh sé ag obair san amharclann

**2. Cad a thaifead Maruf agus a chompánaigh ar fhíseán? Tabhair dhá shonra.**

Damhsaí bunaidh + Tadjik/tíre/rúin + damhsaí(náisiúnta/eitneacha/tíre) + thar cionn + (cailín) damhsóirí + ceol(tóirí) traidisiúnta + a gcuid taistil/turas/eachtraí

**3. Cén fáth ar bheartaigh Maruf dul go dtí Stáit Aontaithe Mheiriceá? Tabhair dhá shonra.**

Chas sé le cailín + darbh ainm Alya + de bhunús Iaránach- na Stáit Aontaithe + theastaigh uaidh casadh lena tuismitheoirí + aithne níos fearr a chur ar Alya + aithne a chur ar shaol Alya + dul go Coláiste

**4.i. Cén t-ábhar staidéir atá ag Maruf faoi láthair? Tabhair dhá shonra.**

Béarla + aisteoireacht/le bheith ina aisteoir/drámaíocht/léann na hamharclannaíochta + ceol

**4.ii. Cad atá beartaithe ag Maruf don todhchaí? Tabhair sonra amháin.**

Staidéar a dhéanamh ar cheol (i ndáiríre)/a bheith ina cheoltóir i ndáiríre + foghlaim chun uirlis Afganastánach/rubabe/téad/a sheinm + ceachtanna a fháil ó/oibriú le ceoltóir atá ina chónaí i gCalifornia

## ROINN III

**Agallamh** **20 marc**

**1.i. Tá staidiam Spartak á bhrandáil mar an ceann is fearr i Moscó. Tabhair trí shonra.**

Inchomparáide le/suas go sonraíocht/chomh maith le/níos fearr ná Luzhniki agus Lokomotiv + líon mór pasáistí rochtana/so-rochtaineacht/ dea-dhearadh rochtana/sábháilteacht + líon mór spásanna páirceála/saoráidí páirceála maith/4000 spás páirceála + páirceáil do dhaoine mór le rá (VIP) (maidir le páirceáil VIP) + 350 spás (maidir le páirceáil VIP)

**1.ii. Cén fáth a mbeidh díon oscailte ar an staidiam? Tabhair sonra amháin.**

Solas (gathanna) na gréine + aer (úr) + féar ar ardchaighdeán

**2. Cad iad na háiseanna a chuirfidh an staidiam nua ar fáil? Tabhair trí shonra.**
Seomraí gnó/lóistí/siamsaíocht chorparáideach + bialanna + radharc ar an bpáirc peile + suíocháin speisialta/saoráidí do dhaoine faoi mhíchumas/bealach isteach do chathaoireacha rothaí + ag comhlíonadh rialacháin FIFA

**3.i. Cad iad na comórtais a bheidh ar siúl sa staidiam? Tabhair dhá shonra.**
peil + craobhchomórtas Rúiseach agus cluichí Coirn + Sraithchomórtas na Seaimpíní + corn UEFA + cluichí idirnáisiúnta + gach spóirt/cluichí laistigh
**ná bronn aon mharcanna** Corn an Domhain

3.ii. Cé mhéad a chosnóidh an tionscadal seo?
150 milliún euro
***bronn marc amháin:*** milliún euro

## ROINN IV

**Fógra** **20 marc**

**1. Tabhair ceithre shonra faoin tairiscint san fhógra seo?**

Bailiúchán scannán + 47 (scannán) + le (Jean Paul) Belmondo (**déan neamhaird den litriú**) + aisteoir/iontach/cáiliúil/an-mheas ar + formáid DVD + 18 diosca + (scannáin) a bhfuil an-mheas orthu + (scannáin) Francacha

2. **Cad iad na treoracha a thugtar faoi íocaíocht? Tabhair ceithre shonra.**

3600 rúbal an costas + oifig phoist/ordú poist/ordú curtha ar fáil tríd an bpost + tabhair ainm + sloinne + seoladh + innéacs poist + teileafón + trí ríomhphost

**3. Tabhair dhá shonra faoi na dearbhuithe rialaithe cáilíochta.**

2 oibritheoir/dhá uair + seiceáil + na dioscaí ar fad + ar mhaithe le hinléiteacht + sula seoltar + dea-chaighdeán + oifigiúil/nach bhfuil bradach/nach bhfuil smuigleáilte/cóipeanna bunaidh